*Mar a léiríodh sa Chlár Oibre Ilbhliantiúl lenar ghlac an Bord Bainistíochta, is mian leis an EEA bheith fós ann mar ghníomhaí ceannasach i soláthar faisnéise bunúsaí atá riachtanach le feabhas a chur ar fheidhmiú beartais chomhshaoil. Is mian leis an EEA freisin gníomhú i gcruthú dearcaí úrnua agus eolais a bheidh riachtanach leis na hathruithe níos bunúsaí i dtreo inbhuanaitheachta fadtéarmaí dár sochaithe a thuiscint agus le tacú leo.*

Elisabeth Freytag-Rigler
Cathaoirleach - Board Bainistíochta an EEA


## Eionet agus comhpháirtithe eile an EEA

Is as réimse forleathan foinsí an fhaisnéis a chuireann an EEA ar fáil. Bunaíodh líonra comhlachtaí náisiúnta comhshaoil chun dul i mbun oibre leis an EEA — Eionet — lena bhfuil baint ag breis agus 300 institiúid ar fud na hEorpa. Tá an EEA freagrach as forbairt a dhéanamh ar an líonra agus a chuid gníomhaíochtaí a chomhordú. Chun é seo a dhéanamh, bímid ag obair go dlúth le Pointí Comhtheagmhála Náisiúnta (mar a léirítear san fhigiúr thíos) — gníomhaireachtaí náisiúnta comhshaoil nó aireachtaí comhshaoil i mballstát de ghnáth. Tá siadsan freagrach as gníomhaíochtaí Eionet a chomhordú ag leibhéal náisiúnta.

I measc tascanna eile acu, déanann NFPanna an líonra náisiúnta a fhorbairt agus a chothabháil, foinsí náisiúnta faisnéise a shainaithint, sonraí agus faisnéis a ghabháil agus a dhíriú ó ghníomhaíochtaí faireacháin agus eile, cuidiú leis an EEA le hanailís a dhéanamh ar fhaisnéis agus cuidiú le faisnéis an EEA a scaipeadh ar úsáideoirí deiridh sna ballstáit.

Is comhpháirtithe agus foinsí tábhachtacha eile iad eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, amhail an Oifig Staidrimh (Eurostat) agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (EBT), agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS). Bíonn an EEA ag comhoibriú go dlúth leis na heagraíochtaí sin chun faisnéis agus measúnuithe a tháirgeadh dá cuid cliant agus spriocghrúpaí. Bíonn an EEA rannpháirteach agus feidhmíonn mar rúnaíocht do líonra neamhfhoirmiúil na nGníomhaireachtaí um Chaomhnú Comhshaoil san Eoraip.

### Líonra Eorpach um fhaisnéis agus um fhaire ar an gcomhshaol (Eionet)




ETC = Ionad Ábhar Eorpach (ETCanna)
NRC = Tagartha Náisiúnta (NRCanna)

eolas fúinn | an rud a dhéanaimid | an chaoi a ndéanaimid é

*Feidhmíonn an EEA i dtimpeallacht rialachais chasta, il-leibhéil, agus ilghníomhaí ag leibhéil AE, náisiúnta agus domhanda. Áirítear institiúidí taighde, gnóthais, agus ENRanna sa timpeallacht sin. Is é ról sonrach an EEA tacaíocht a thabhairt do cheapadh beartas ag leibhéal an AE, agus leis inniúlacht a thógáil i mballstáit, ag baint úsáide as Eionet mar chomhpháirtí uathúil le sreabhadh dhá bhealach sonraí agus faisnéise a bhfuil a gcáilíocht dearbaithe faoin gcomhshaol a chruthú.*

Clár Oibre Ilbhliantiúil an EEA, 2014–2018

TH-01-15-053-GA-C
doi:10.2800/547043
© EEA, 2015

Faisnéis teagmhála:
An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil
Kongens Nytorv 6
1050 Cóbanhávan K
An Danmhairg
Teil: +45 33 36 71 00

**Grianghraif:** © Joseph Galea, Susanne Kuijpers, Ana Skobe, Simeon Lazarov, Victor Troyanov, Stephen Mynhardt, Mariusz Warsinski, EEA
**Tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin:** eea.europa.eu
**Faigh ár gcuid táirgí:** eea-subscriptions.eu/subscribe
**Faigh freagraí ar cheisteanna:** community.eea.europa.eu
**Lean sinn ar Facebook:** facebook.com/European.Environment.Agency
**Lean sinn ar Twitter:** twitter.com/EUEnvironment

Publications Office
ISBN: 978-92-9213-590-4

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

# An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach



eolas fúinn | an rud a dhéanaimid | an chaoi a ndéanaimid é

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

## Misean agus  spriocanna

Is é atá mar aidhm ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) tacú le forbairt inbhuanaithe trí chuidiú le feabhas suntasach agus intomhaiste a bhaint amach i gcomhshaol na hEorpa trí fhaisnéis atá tráthúil, dírithe, ábhartha agus iontaofa a thabhairt do ghníomhairí um cheapadh beartas agus don phobal.

Is iad na príomhspriocanna atá againn bheith mar phríomhfhoinse eolais ar an gcomhshaol ag leibhéal Eorpach, le ról ceannasach a imirt maidir le tacú leis an trasdul i dtreo sochaí inbhuanaithe, agus le bheith mar phríomheagraíocht le faisnéis ar an gcomhshaol a chomhroinnt agus acmhainní a fhorbairt.

## Aschuir

Soláthraíonn an EEA léirmheasanna agus faisnéis i bhfoirm tuarascálacha, bileoga gairide eolais agus ailt, ábhar preasa agus réimse táirgí agus seirbhísí ar líne. Clúdaítear san ábhar staid an chomhshaoil, treochtaí agus brúnna reatha, fórsaí tiomána geilleagracha agus sóisialta, éifeachtacht na mbeartas, agus treochtaí, dearcaí agus fadhbanna na todhchaí a shainaithint, ag úsáid cásanna agus teicnící eile.

Déantar cuid de na tuarascálacha, achoimrí ar thuarascálacha tábhachtacha agus ailt agus preaseisiúintí éagsúla, atá dírithe ar an bpobal níos leithne, a aistriú go teangacha oifigiúla bhallthíortha an EEA.

*Is mian leis an EEA cur le huaillmhian na hEorpa aistriú  a dhéanamh i dtreo sochaí ísealcharbóin, atá tíosach ar acmhainní agus athléimneach ó thaobh na n-éiceachóras de faoi 2050. Tá baint idir a chéile le fada sna fadhbanna comhshaoil, agus is ag an gcroílár díobh atá na córais shocheacnamaíocha a sholáthraíonn riachtanais sochaí nua-aimseartha dúinn, amhail bia, fuinneamh agus iompar. Ní foláir athruithe bunúsacha a dhéanamh sna lárchórais shochaíocha sin chun conair inchreidte a leanúint i dtreo na sprice le haghaidh 2050.*

Dr. Hans Bruyninckx
Stiúrthóir Feidhmiúcháin

## Comhaltaí

Tá ballraíocht an EEA comhdhéanta de Bhallstáit AE. Tá ballraíocht ar fáil freisin ag tíortha eile atá ar aon intinn le hábhar is cúram don Chomhphobal Eorpach agus do na Ballstáit i dtaca le spriocanna na Gníomhaireachta. Is iad 28 Ballstát an AE agus an Íoslainn, Lichinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus an Tuirc na 33 ball faoi láthair. Chuir an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, Montainéagró agus an tSeirbia comhiarratas isteach ar bhallraíocht agus tá siad i mbun comhoibrithe leis an EEA le blianta beaga anuas. Tá an EEA i mbun comhoibrithe leis an gCosaiv* freisin, agus tá stádas breathnóireachta ag an nGraonlainn i roinnt próiseas.


## Cliaint agus spriocghrúpaí

Is iad an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh príomhpháirtithe leasmhara an EEA — ag dul i ngleic go háirithe le riachtanais na n-uachtaránachtaí AE athraitheacha — agus ballstáit an EEA.

I dteannta leis an gcroíghrúpa sin de ghníomhaithe Eorpacha agus náisiúnta um cheapadh beartas, oibríonn an EEA le hinstitiúidí eile an AE. Bímid ag gníomhú le grúpaí leasmhara níos leithne freisin laistigh de réimse an bheartais, amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), pobail eolaíocha agus acadúla, eagraíochtaí gnó, comhairleoireachtaí agus meithleacha machnaimh.

Measann an EEA go bhfuil an pobal i gcoitinne tábhachtach don rannpháirtíocht freisin. Tá sé sin ar aon dul le reachtaíocht reatha an AE maidir le rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil agus iarrachtaí an EEA chun tacú le cur chun feidhme beartas agus le tuiscint níos forleithne a fháil ar cheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol agus le hathrú aeráide. Tá an beartas fothaithe i ndíospóireacht shochaíoch níos forleithne, agus éilíonn glacadh le beartais chomhshaoil ar thoiliú an phobail go forleathan.

Is é is aidhm don EEA idirphlé dhá bhealach a bhaint amach lena cuid cliant agus spriocghrúpaí d’fhonn a gcuid riachtanas ó thaobh faisnéise de a aithint i gceart agus lena chinntiú gur féidir leo an fhaisnéis a sholáthraíonn an EEA a thuiscint agus a úsáid.




## Ar líne

Tá eea.europa.eu ar na seirbhísí faisnéise comhshaoil poiblí is cuimsithí ar an idirlíon agus is é an cainéal faisnéise is gnóthaí atá ag an EEA. Déanann an EEA iarracht athrú ó fhoilsiú páipéir go foilsiú gréasáin le hoiriúnú le chéadrogha na n-úsáideoirí , líon atá ag méadú an t-am ar fad, le tráthúlacht agus éifeachtúlacht costais a fheabhsú — agus lena lorg comhshaoil féin a laghdú.

Tá téacsanna iomlána na dtuarascálacha, achoimrí agus alt uile ar fáil ar an láithreán gréasáin, agus graif idirghníomhacha agus feidhmchláir léarscáilbhunaithe chomh maith le tacair shonraí agus faisnéis chúlra mar thacaíocht leis na tuarascálacha. Baintear úsáid ghníomhach as inneachair meán sóisialta agus ilmheán le cumarsáid a éascú agus le dul i gcion ar phobal níos leithne.

Tugaimid freagraí aonair ar iarratais sheachtracha ar fhaisnéis ar an bhFóram EEA ar líne. Féadann an pobal a gcuid fiosrúchán a chur isteach freisin ar an bhfón nó trí chuairt a thabhairt orainn.

## Líonrú

Is rudaí ríthábhachtacha d’fhonn ár gcuid spriocanna a bhaint amach iad na hiarratais a dhéanann foireann an EEA lenár bhfíorais agus ár dtorthaí a chur in iúl go díreach; bheith i dteagmháil leanúnach leis an Eionet agus leis na páirtithe leasmhara eile, ag labhairt le teagmhálaithe, bheith rannpháirteach i gcruinnithe le saineolaithe, ag caint i seimineáir agus i gcomhdhálacha, srl. In ainneoin aschur ár n-ábhar priontáilte agus fás leanúnach ar chumarsáid againn ar an idirlíon, níl rud ar bith níos fearr ná idirphlé duine ar dhuine idir soláthraithe faisnéise agus úsáideoirí.

## Táirgí an EEA a ordú

Is féidir clárú lenár seirbhísí síntiúis chun ár nuachtlitir, eolas faoi fhoilseacháin nua agus cóipeanna leictreonacha nó crua tuarascálacha agus ábhar eile atá saor in aisce a fháil ar bhonn rialta.

Is féidir sinn a leanúint ar Facebook agus ar Twitter, nó clárú le fothaí RSS an EEA.

Is féidir cóipeanna crua d’fhoilseacháin phriontála a ordú, an chuid is mó acu saor in aisce, ón siopa leabhar ar líne de chuid Oifig Foilseachán an AE (http://bookshop.europa.eu). Mar chuid den athrú ó fhoilsiú páipéir go foilsiú gréasáin, níl cuid de na catagóirí táirge ar fáil ach i bhformáid leictreonach. Féach an chuid dar teideal ‘Foilseacháin’ ar ár láithreán gréasáin le hachoimre ar fhoilseacháin cothrom le dáta atá ar fáil a fheiceáil.

## Eagraíocht

Ghlac an Comhphobal Eorpach le rialachán chun an EEA agus a Líonra Eorpach um fhaisnéis agus um fhaireachán ar an gcomhshaol (Eionet) a bhunú i 1990, agus thosaigh an EEA ar a cuid oibre i gceart i 1994.

Agus iad as 33 ballstát na heagraíochta, tá foireann an EEA lonnaithe i gceanncheathrú na heagraíochta i gCóbanhávan den chuid is mó. I measc na mball foirne, tá saineolaithe i réimsí an chomhshaoil agus na forbartha inbhuanaithe, na bainistíochta faisnéise agus na cumarsáide. Oibríonn siad i dteannta a chéile chun faisnéis ó bhallstáit a bhailiú, anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin agus léirmhíniú a thabhairt uirthi agus í a scaipeadh ar pháirtithe agus saoránaigh a bhfuil spéis acu ann atá laistigh de chóras an AE agus níos faide i gcéin.

Chun tacaíocht a thabhairt do bhailiú, bainistíocht agus anailís sonraí, bhunaigh agus bainistíonn an EEA sé Ionad Ábhar Eorpacha (ETCanna) ina gclúdaítear na réimsí tábhachtacha oibríochtúla agus comhshaoil de chuid chlár oibre an EEA. Is líonraí iad na hIonaid Ábhar Eorpacha, atá comhdhéanta de nócha saininstitiúid atá scaipthe ar fud ballstát an EEA.

## Rialachas


Tá Bord Bainistíochta an EEA comhdhéanta d’ionadaí as gach ceann de na 33 ballstát, beirt as Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil agus Ard-Stiúrthóireacht an Taighde de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus beirt shaineolaithe eolaíocha atá ceaptha ag Parlaimint na hEorpa. I measc a chuid tascanna, glacann an Bord Bainistíochta le cláir oibre an EEA, ceapann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ainmníonn sé baill den Choiste Eolaíoch.

Tá Coiste Eolaíoch an EEA comhdhéanta d’uaslíon 20 eolaí thar réimse ábhar a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá an Coiste mar chomhlacht comhairleach ar chúrsaí eolaíocha don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin. Feidhmíonn cathaoirleach an Choiste Eolaíoch mar bhreathnóir ar an mBord Bainistíochta.

Tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Bainistíochta as cláir oibre a chur chun feidhme agus as feidhmiú laethúil an EEA.

Eagraíonn an EEA a cuid gníomhaíochtaí i gcláir oibre bhliantúla, agus faoi bhrat Chlár Oibre Ilbhliantúil Uileghabhálach cúig bliana (MAWP). Clúdaítear an tréimhse 2014–2018 leis an MAWP atá ann faoi láthair agus tá sé struchtúrtha timpeall cheithre príomhlimistéar:

- eolas a thabhairt maidir le cur chun feidhme beartais, a thugann le tuiscint aiseolas agus ionchur chuig creataí beartas AE, cuspóirí agus spriocanna trí thuairisciú leanúnach ar  dul chun cinn i bpríomhthéamaí comhshaoil;
- measúnacht a dhéanamh ar dhúshláin shistéamacha, measúnacht a thabhairt a bhaineann le dearcadh macraleibhéal, trasearnála agus fadtéarmach, agus sa dóigh sin, ag tacú le físeanna fadtéarmacha i 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an AE;
- faisnéis a chomhchruthú, a chomhroinnt agus a úsáid, a chiallaíonn líonraí daoine agus comhchórais faisnéise a thógáil agus a chothú, rud atá mar bhonn agus mar thaca agus sine qua non inár dtuairisciú;
- bainistíocht EEA, a bhfuil sé mar aidhm aici cloí le gach riail agus rialúchán a bhaineann leis an nGníomhaireacht agus ag an am céanna, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gníomhaireachta a fheabhsú go leanúnach





eolas fúinn | an rud a dhéanaimid | an chaoi a ndéanaimid é
eolas fúinn | an rud a dhéanaimid | an chaoi a ndéanaimid é